*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Luengo agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí ag tacú leis an gcosantóir:* Fertilizers Europe (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: B. O'Connor agus M. Hommé, Dlíodóirí)

## Ábhar

Trína gcaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí, AO Nevinnomysskiy Azot ("NEV") agus AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK "Azot" ("NAK"), go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1688 an 8 Deireadh Fómhair 2019, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí de mheascáin d'úiré agus níotráit amóiniam de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus na Stáit Aontaithe (IO 2019 L 258, lch. 21), a neamhniú.

## An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear AO Nevinnomysskiy Azot agus AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK "Azot" a gcostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Fertilizers Europe a íoc.

---

([1]) IO 2020 C 61.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022 – Pollinis France v an Coimisiún**

**(Cásanna Uamtha T-371/20 agus T-554/20)** ([1])

***(Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha – Treoirdhoiciméad EFSA maidir leis an measúnú riosca ar tháirgí cosanta plandaí do bheacha – Seasaimh ar leith arna nglacadh ag na Ballstáit – Rochtain a dhiúltú – Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 – Eisceacht maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta a chosaint)***

(2022/C 432/22)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Pollinis France (Páras, an Fhrainc) (ionadaithe: C. Lepage agus T. Bégel, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: S. Delaude, C. Ehrbar agus G. Gattinara, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go neamhneofaí Cinneadh C(2020) 4231 final ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2020 agus Cinneadh C(2020) 5120 final ón gCoimisiún an 21 Iúil 2020, lenar dhiúltaigh an Coimisiún rochtain ar dhoiciméid áirithe a bhaineann le treoirdhoiciméad an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir leis an measúnú riosca ar tháirgí cosanta plandaí do bheacha, arna ghlacadh ag EFSA an 27 Meitheamh 2013, a foilsíodh an 4 Iúil 2013 ar dtús agus a foilsíodh arís an 4 Iúil 2014, agus lenar deonaíodh rochtain pháirteach ar dhoiciméid áirithe eile a bhaineann leis an treoirdhoiciméad maidir le beacha ó 2013.

## An chuid oibríochtúil

1. Neamhnítear Cinntí C(2020) 4231 final an 19 Meitheamh 2020 agus C(2020) 5120 final, an 21 Iúil 2020 ón gCoimisiún Eorpach, a mhéid a dhiúltaítear rochtain ar na doiciméid arna n-iarraidh ar bhonn na chéad mhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún leo.

2. Ordaítear don Choimisiúin na costais a íoc.

[1] IO C 297, 7.9.2020.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022 – SŽ – Tovorni promet v an Coimisiún**

**(Cás T-575/20)** [1]

***(Treoir 2014/25/AE – Nósanna imeachta soláthair sna hearnálacha uisce, fuinnimh, iompair agus seirbhísí poist – Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiompair lasta iarnróid sa Slóivéin – Nochtadh díreach don iomaíocht – An margadh táirgí a shocrú – An margadh geografach a shocrú – An nochtadh díreach don iomaíocht a mheasúnú – Prionsabal an dea-riaracháin – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2022/C 432/23)

*Teanga an cháis: an tSlóivéinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* SŽ – Tovorni promet d.o.o. (Liúibleána, an tSlóivéin) (ionadaí: V. Cukrov, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Talabér-Ritz, L. Wildpanner agus P. Ondrůšek, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó M. Menard, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1025 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2020 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiompair lasta iarnróid sa Slóivéin (IO 2020, L 226, lch. 5) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do SŽ – Tovorni promet d.o.o. a chostais féin agus costais an Choimisiúin Eorpaigh a íoc.

[1] IO C 433, 14.12.2020.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022– PB v an Coimisiún**

**(Cás T-775/20)** [1]

***(Conarthaí seirbhíse poiblí – Seirbhísí cúnaimh theicniúil a sholáthar don Ard-Chomhairle Bhreithiúnach agus d'údaráis na hÚcráine – Neamhrialtachtaí maidir leis an nós imeachta um dhámhachtain – Méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil – Nóta dochair – Stiúrthóir na cuideachta – Bunús dlí – Dliteanas neamhchonarthach)***

(2022/C 432/24)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* PB (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)